An Roinn Comhshaoil,
Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment,
Climate and Communications

Dréachtphlean Críochach um Aistriú Cóir

Ciste um Aistriú Cóir an AE

2021

Clár na nÁbhar

Clár na nÁbhar i

1. Leagan amach an phróisis aistrithe agus sainaithint na gcríoch ina mbeidh an tionchar is diúltaí laistigh den Bhallstát 4

1.1 Leagan amach an phróisis aistrithe a bhfuiltear ag súil leis i dtreo spriocanna 2030 an Aontais maidir le fuinneamh agus geilleagar an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050, i gcomhréir le cuspóirí na bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus pleananna aistrithe eile atá ann cheana maille le hamlíne chun deireadh a chur le gníomhaíochtaí amhail mianadóireacht ghuail agus ligníte nó táirgeadh leictreachais gualbhreoslaithe nó na gníomhaíochtaí sin a laghdú……..4

An tAcht um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021.....4

Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030 5

Coimisinéir um Aistriú Cóir..... ..6

Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021..... 6

1.2 Sainaithin na críocha a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh an tionchar is diúltaí iontu agus bonn cirt a thabhairt leis an rogha sin leis an meastachán comhfhreagrach ar na tionchair eacnamaíocha agus fostaíochta bunaithe ar an leagan amach i Roinn 1.1 8

Acmhainní Móna agus Bord na Móna 8

Stáisiúin Chumhachta Lár Tíre 9

Tionchar Réigiúnach 10

Tuarascáil de réir Tíre an tSeimeastair Eorpaigh 2020 10

An Chríoch a Bheidh faoin Tionchar is Diúltaí 11

1.3 Sainaithin na réigiúin agus na hoileáin is forimeallaí a bhfuil dúshláin shonracha acu laistigh de chríocha atá liostaithe faoi Roinn 1.1 agus na méideanna sonracha a leithdháilfear ar na críocha sin le bonn cirt comhfhreagrach leo 11

2 Measúnú ar dhúshláin an aistrithe do gach ceann de na críocha arna sainaithint 12

a. Measúnú ar an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bheidh ag an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach……..12

Móin le haghaidh Giniúna Cumhachta mar Earnáil atá ag Dul i Léig 12

Tionchar Socheacnamaíoch.....13

Tionchair Dhíreacha ar Phoist.....144

Tionchair Indíreacha ar Phoist.....14

Éagsúlú beartaithe ar ghníomhaíochtaí cuideachta.....15

Bord na Móna.....15

BSL 16

2.2

Riachtanais forbartha agus cuspóirí faoi 2030 d'fhonn geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach san Aontas faoi 2050.....16

Riachtanais Forbartha Chríochacha.....167

2.3 Comhsheasmhacht le straitéisí agus pleananna náisiúnta, réigiúnacha nó críochacha eile…….20

Creat Pleanála Náisiúnta.……20

Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030..... 211

An Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (NRRP)…….21

Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021…….....21

Straitéis Náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste ……222

Beartas Forbartha Tuaithe: Ár dTodhchaí Tuaithe 2021-2025 ……22

An Straitéis Náisiúnta um Thailte Portaigh 2015 ……22

Cuid de na pleananna agus na straitéisí náisiúnta ábhartha eile:..... 233

Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta an Oirthir agus Lár na Tíre (RSES) 2019-2031……..……...233

Pleananna Fiontair Réigiúnacha……. 25

Pleananna Forbartha Contae……26

Gníomhaíochtaí Molta ó Anailís ar an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach……..299

2.5 Sineirgí agus comhlántachtaí na n-oibríochtaí atá beartaithe le cláir ábhartha eile an Aontais faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis (a thacaíonn le próiseas an aistrithe), le hionstraimí maoiniúcháin eile (an Ciste um Nuachóiriú ar Thrádáil Astaíochtaí an Aontais) chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shainaitheanta infheistíochta ……322

2.6 Sineirgí agus comhlántachtaí le tacaíocht atá beartaithe ó cholúin eile an tSásra um Aistriú Cóir ……344

3. Sásraí Rialachais……..355

3.1 Comhpáirtíocht……...355

3.2. Faireachán agus meastóireacht…….355

3.3. Comhlacht/comhlachtaí comhordaithe agus faireacháin……366

1. Leagan amach an phróisis aistrithe agus sainaithint na gcríoch ina mbeidh an tionchar is diúltaí laistigh den Bhallstát

1.1 Leagan amach an phróisis aistrithe a bhfuiltear ag súil leis i dtreo spriocanna 2030 an Aontais maidir le fuinneamh agus an aeráid agus geilleagar an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050, i gcomhréir le cuspóirí na bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus pleananna aistrithe eile atá ann cheana maille le hamlíne chun deireadh a chur le gníomhaíochtaí amhail mianadóireacht ghuail agus ligníte nó táirgeadh leictreachais gualbhreoslaithe nó na gníomhaíochtaí sin a laghdú

4 An tAcht um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021

Leis an Acht um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) na hÉireann 2021 bunaítear oibleagáid dhlíthiúil go mbainfear amach laghdú 51% ar astaíochtaí faoi 2030 i gcoibhneas le leibhéil 2018 agus cuspóir aeráide náisiúnta maidir le geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus aeráidneodrach a bheith ann tráth nach déanaí ná 2050. Leis an Acht cuirtear ar fáil an creat d'Éirinn chun a tiomantais aeráide idirnáisiúnta agus AE a chomhlíonadh agus chun a bheith ina ceannródaí ó thaobh aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

Chun a chumasú go mbainfear amach an cuspóir náisiúnta aeráide, beidh córas buiséad carbóin, uasteorainneacha astaíochtaí earnála, nuashonruithe bliantúla ar an bPlean Gníomhaíochta ar son na Aeráide, straitéis fhadtéarmach náisiúnta um ghníomhaíocht ar son na haeráide gach cúig bliana agus creat oiriúnaithe náisiúnta. Ní mór d'Údaráis Áitiúla Pleananna Gníomhaíochta ar son na hAeráide aonair a ullmhú ina gcuimseofar bearta maolaithe agus oiriúnaithe araon. Ba í an Chomhairle Chomhairleach maidir leis an Athrú Aeráide a mhol an chéad dréachtchlár buiséid carbóin faoin reachtaíocht nua i mí Dheireadh

Fómhair 2021. Ní mór don Oireachtas an buiséad carbóin atá beartaithe a fhormheas laistigh de cheithre mhí.

Leis an Acht um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) na hÉireann 2021 cuirtear tacaíocht ar fáil le haghaidh aistriú cóir a chur chun cinn, agus suítear aistriú cóir chuig geilleagar aeráidneodrach mar phróiseas, laistigh den chreat reachtúil níos leithne maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide, a dhéanann iarracht, a mhéid is indéanta, deiseanna fostaíochta a uasmhéadú, agus tacú le daoine agus pobail a bhféadfadh an t-aistriú tionchar diúltach a imirt orthu.

Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030

Ullmhaíodh agus tíolacadh Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na hÉireann 2021-2030 (NECP) de réir Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide. Ionchorpraíonn an NECP na beartais agus na bearta go léir atá beartaithe arna sainaithint go dtí deireadh 2019 agus a sheachadann le chéile laghdú 30% faoi 2030 in astaíochtaí gás ceaptha teasa neamh-ETS (ó leibhéil 2005) chun oibleagáidí na hÉireann a chomhlíonadh faoi Rialachán reatha an AE maidir le Comhroinnt Díchill (Rialachán (AE) 2018/842). Ullmhóidh Éire NECP nuashonraithe chun é a chur i gcomhréir leis an sprioc reachtúil um laghdú astaíochtaí do 2030 atá san Acht um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021.

I measc na mbeart ábhartha sa NECP tá gealltanais go ndéanfar móin agus gual le haghaidh giniúint chumhachta a chéimniú amach, faoi 2028 agus 2025 faoi seach. Thug an NECP dá aire freisin an cinneadh a rinne BSL dhá shaoráid ghiniúna móna a dhúnadh i Lár na Tíre faoi dheireadh 2020 (Stáisiún Cumhachta Iarthar Uíbh Fhailí i gContae Uíbh Fhailí, Stáisiún Cumhachta Loch Rí i gContae an Longfoirt), ag tabhairt chun tosaigh go suntasach dátaí dúnta ionchasacha na stáisiún cumhachta sin. Tá an cead pleanála atá ann don ghléasra atá fágtha, Stáisiún Cumhachta Éadan Doire i gContae Uíbh Fhailí, ina n-úsáidtear bithmhais agus móin faoina chumraíocht reatha, le dul in éag in 2023. I measc na mbeart ábhartha a cuireadh san áireamh sa NECP chun freagra a thabhairt ar an bhfógra luathdhúnta seo bhí rannpháirtíocht na réigiún Lár Tíre in Ardán an AE um Réigiúin Ghuail i mBun Aistrithe agus cur chun feidhme cur chuige tras-Rialtais chun tacú le fostaíocht sa réigiún Lár Tíre, lenar áiríodh:

- Coimisinéir um Aistriú Cóir a cheapadh;

- Ciste um Aistriú Cóir a bhunú chun tacú le hathoiliúint agus athsciliú oibrithe agus chun cabhrú le pobail agus gnóthais áitiúla i Lár na Tíre iad féin a chur in oiriúint don aistriú ísealcharbóin;
- maoiniú a leithdháileadh ar athchóiriú agus athshlánú portach a thabharfaidh portaigh ar ais ina ngnáthóg nádúrtha agus chun a bheith ina linnte a ionsúnn carbón; agus
- maoiniú a sholáthar chun samhail nua a phíolótú chun uasghráduithe tithíochta a ghrúpáil le chéile, dírithe ar réigiún Lár na Tíre.

I gcomhréir le cinneadh BSL a dhá mhóinstáisiún cumhachta a dhúnadh i Lár na Tíre, thuairiscigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil ina fardal astaíochtaí gás ceaptha teasa 2020 gur thit giniúint leictreachais mhóinadhainte 51% in 2020, rud a chuir le laghdú 7.9% ar astaíochtaí giniúna cumhachta. Mar gheall ar dheireadh le móin chun cumhacht a ghiniúint, meastar go seachnófar 1.25 milliún tonna ar a laghad d'astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin gach bliain.

Coimisinéir um Aistriú Cóir

Cheap an Rialtas Coimisinéir um Aistriú Cóir i mí na Samhna 2019 chun cabhrú le cur chuige comhordaithe agus éifeachtach a áirithiú maidir le haistriú cóir do na pobail agus na hoibrithe a n-imreofar tionchar orthu mar gheall ar dheireadh á chur le baint móna le haghaidh giniúna cumhachta i réigiún Lár na Tíre. Cuireadh de chúram ar an gCoimisinéir moltaí a dhéanamh don Rialtas, ar bhonn dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara áitiúla agus i bhfianaise taithí agus dea-chleachtais i réimsí eile sa bhaile agus go hidirnáisiúnta, ar na heilimintí riachtanacha a bhaineann le haistriú cóir d'oibrithe agus do phobail is mó a n-imreofar tionchar orthu. Ó ceapadh é, tá trí thuarascáil ullmhaithe ag an gCoimisinéir don Rialtas maidir le haistriú cóir a sheachadadh i réigiún Lár na Tíre agus ullmhóidh sé tuarascáil eile roimh dheireadh a shainordaithe reatha ag deireadh 2021.

Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021

Sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021, a foilsíodh i mí na Samhna 2021, leagadh amach na gealltanais bheartais agus na raonta táscacha de laghduithe astaíochtaí a theastaíonn i ngach earnáil den gheilleagar d'fhonn an riachtanas atá ceangailteach ó thaobh dlí a chomhlíonadh chun laghdú 51% ar astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030 i gcoibhneas le leibhéil 2018.

Sa chomhthéacs seo, tá an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide tiomanta freisin do dhícharbónú uaillmhianach chóras leictreachais na hÉireann sna deich mbliana amach romhainn, agus é mar sprioc aige astaíochtaí ón earnáil a laghdú ó 10.6 milliún tonna CO2 in 2018 go dtí idir 2 agus 4 mhilliún tonna faoi 2030. Chomh maith le roinnt seanghléasraí cumhachta breosla iontaise a dhúnadh, méadóidh Éire an sciar den éileamh leictreachais a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite go dtí suas go 80% más indéanta agus costéifeachtach, gan slándáil an tsoláthair leictreachais a chur i gcontúirt.

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide creat beartais um aistriú cóir chun a áirithiú go ndéanfaidh Éire faireachán agus bainistíocht éifeachtach ar a haistriú chuig geilleagar aeráidneodrach trí na struchtúir agus na freagairtí atá i bhfeidhm agus atá beartaithe, go bhfanann na freagairtí solúbtha, agus go ndírítear ar na limistéir a dteastaíonn tacaíocht uathu. Tá an creat beartais seo bunaithe ar cheithre phrionsabal:

1. Cur chuige comhtháite, struchtúrtha agus fianaisebhunaithe chun ár bhfreagairt ar riachtanais um aistriú cóir a shainaithint agus a phleanáil
2. Go mbeidh na scileanna cearta ag daoine chun go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh sa gheilleagar aeráidneodrach sa todhchaí agus leas a bhaint as
3. Go roinnfear na costais sa tslí go mbeidh an tionchar cothromasach agus nach ndéantar na neamhionannais atá ann faoi láthair a mhéadú
4. Idirphlé sóisialta chun a áirithiú go gcumhachtaítear saoránaigh agus pobail a n-imreofar tionchar orthu agus go bhfuil siad lárnach sa phróiseas aistrithe

Sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide leagtar amach plean cur chun feidhme do réigiún Lár na Tíre mar fhreagairt ar mholtaí an Choimisinéara um Aistriú Cóir, dírithe ar chúig phríomhréimse gníomhaíochta:

1. Bearta Athshlánaithe Tailte Portaigh
2. Tionscadail Taighde agus Forbartha Talmhaíochta agus Geolaíochta
3. Clár Iarfheistithe Lár Tíre do Thithe Údaráis Áitiúil
4. Cistí um Aistriú Cóir Náisiúnta agus AE
5. Tacaíochtaí Oiliúna, Oideachais agus Fiontair

Aithnítear sa phlean cur chun feidhme seo freisin go bhfuil ról tábhachtach ag Foireann Aistrithe Réigiúnach Lár na Tíre, tionscnamh de chuid údaráis áitiúla Lár na Tíre, maidir le comhpháirtíochtaí straitéiseacha réigiúnacha agus áitiúla a chomhordú, deiseanna maoinithe a shaothrú chun cineálacha malartacha fostaíochta a fhorbairt, infheistíocht a

mhealladh, agus deiseanna agus acmhainní fostaíochta atá ann cheana a uasmhéadú. Tá creat forbartha ag Foireann Aistrithe Réigiúnach Lár na Tíre chun aistriú a phleanáil agus a chomhordú sa réigiún, le tacaíocht ó shaoráid Chúnamh Theicniúil Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh do Réigiúin i mBun Aistrithe (START) a bhfuil sé mar aidhm aici oidhreacht saineolais fheabhsaithe a bhaineann le haistriú, cumais, agus inniúlachtaí a fhágáil sna réigiúin ghuail a fhaigheann tacaíocht.

1.2 Sainaithin na críocha a bhfuiltear ag súil leis ar a n-imreofar an tionchar is diúltaí iontu agus tabhair bonn cirt don rogha sin leis an meastachán comhfhreagrach ar na tionchair eacnamaíocha agus fostaíochta bunaithe ar an leagan amach i Roinn 1.1

Acmhainní Móna agus Bord na Móna

Tá acmhainní fairsinge móna ag Éirinn, agus bhí a mbunús á mbainistiú le haghaidh eastóscadh móna ar scála tráchtála le blianta fada ag an gcuideachta leathstáit Bord na Móna ("Peat Board"). Bunaíodh Bord na Móna sna 1940idí d'aon turas chun tailte portaigh na hÉireann a fhorbairt go príomha mar acmhainn bhreosla dhúchasach. Cumhdaíonn an talamh atá á bhainistiú ag Bord na Móna thart ar 80,000 heicteár, agus tá níos mó ná 130 portach aonair á mbainistiú mar ghrúpaí portaigh.

Agus iad suite den chuid is mó i Lár na Tíre, forbraíodh na portaigh seo go tionsclaíoch le haghaidh móna sna blianta tosaigh agus ina dhiaidh sin le haghaidh móna meilte ó na 1950idí anall. Mar gheall ar an modh móna meilte (i bhfoirm púdair seachas móin fód a úsáidtear le haghaidh téamh tí) tharla forbairt portaigh ar scála nach bhfacthas riamh roimhe in Éirinn. Úsáideadh móin a eastóscadh ar bhonn tráchtála freisin mar bhunábhar chun brícíní móna a tháirgeadh le haghaidh téamh tí agus mar ionchur don tionscal gairneoireachta.

Tá eastóscadh móna in Éirinn an-chomhchruinnithe i gceithre chontae réigiún Lár Tíre NUTS 3 (Laois, an Longfort, Uíbh Fhailí, an Iarmhí) agus i gcodanna de na contaetha tadhlacha Ros Comáin, Gaillimh, Tiobraid Árann agus Cill Dara chomh maith. Bhí eastóscadh móna dírithe go príomha ar na ceantair phortaigh is mó, is fairsinge amhail coimpléasc Mhóin Alúine i gCill Dara, Portaigh Chluain Sosta agus Dhoire Dhraighneach in Oirthear Uíbh Fhailí, coimpléisc na Buaraí agus na hAbhann Duibhe in Iarthar Uíbh Fhailí agus Oirthear na Gaillimhe, coimpléasc Phortach Chluain Creamha sa Longfort/Ros Comáin feadh Abhainn na Sionainne, agus Portaigh an Bhaile Bhig i dTuaisceart Thiobraid Árann.

Stáisiúin Chumhachta Lár Tíre

Bunaíodh an Bord Soláthair Leictreachais (BSL) mar chorparáid phoiblí reachtúil i bPoblacht na hÉireann faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927. Feidhmíonn BSL ar fud an mhargaidh leictreachais ó ghiniúint go tarchur agus ó dháileadh go soláthar agus tá bonn sócmhainne rialáilte de thart ar €9 mbilliún aige le 43% den acmhainn giniúna leictreachais sa mhargadh uile-oileáin.

Idir 1950 agus deireadh na 1960idí, shuiteáil BSL níos mó ná 400 MW d'acmhainn giniúna bunaithe ar úsáid móna agus ag aon am amháin, b'ionann móin agus thart ar aon trian d'acmhainn iomlán BSL agus bhí sí ina comhpháirt luachmhar i dtaca le foinsí breosla a éagsúlú. Bhí tionchar mór ag móin ar fhorbairt tuaithe ag an am sin, ag tacú leis an gclár leictrithe tuaithe, agus bhí sé seo amhlaidh go háirithe i gceantar Lár Tíre na hÉireann.

Agus é ag obair i gcomhpháirtíocht le Bord na Móna, d'oscail BSL an stáisiún cumhachta i mBéal Átha Liag in 1958 a ceapadh chun móin mheilte a úsáid, arna táirgeadh go háitiúil ag Bord na Móna, chun spleáchas na hÉireann ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda. Díchoimisiúnaíodh an stáisiún in 2004 agus tháinig stáisiún cumhachta nuathógtha Loch Rí ina áit. Osclaíodh stáisiún Dhroichead na Sionainne in 1965 inar dódh móin mheilte ó phortaigh máguaird, ag cumhdach 13,500 acra ar fud chontaetha Uíbh Fhailí, na Gaillimhe, Ros Comáin agus na hIarmhí. San am ar tógadh é, ba é stáisiún Dhroichead na Sionainne an ceann ba mhó de chúig stáisiún móna in Éirinn agus dódh timpeall 1 mhilliún tonna móna ann gach bliain, móin a seachadadh chuig an stáisiún cumhachta d'iarnród caol. Díchoimisiúnaíodh stáisiún Dhroichead na Sionainne in 2003 agus tháinig stáisiún Cumhachta Iarthar Uíbh Fhailí ina áit a osclaíodh in 2004 agus a bhí ar cheann de na saoráidí dó móna ba mhó ar domhan. Ag deireadh 2020, roinnt blianta níos luaithe ná mar a bhí beartaithe, scoir an dá stáisiún cumhachta dá n-oibríochtaí.

Bhí dhá stáisiún móna meilte ag feidhmiú roimhe seo i Lár na Tíre, stáisiún Róid agus stáisiún an Fhéir Bháin i gContae Uíbh Fhailí, a díchoimisiúnaíodh go luath sna 2000idí agus níor cuireadh aon stáisiún ina n-áit. Bhí stáisiún cumhachta móna i gContae Mhaigh Eo, Béal Átha Chomhraic, a díchoimisiúnaíodh in 2003. Tá sé beartaithe go leanfar de bhithmhais agus móin a úsáid san aon stáisiún cumhachta móna atá fágtha sa réigiún agus sa tír, Stáisiún Cumhachta Éadan Doire Bhord na Móna i gContae Uíbh Fhailí, faoina chumraíocht reatha agus a cheadanna pleanála go dtí 2023.

Tionchar Réigiúnach

Bhí tionscal na móna, giniúint cumhachta agus oidhreacht thionsclaíoch an-suntasach do réigiún Lár na Tíre go heacnamaíoch, go cultúrtha agus go sóisialta. Ba phríomhfhoinsí fostaíochta iad Bord na Móna agus BSL agus chabhraigh siad pobail a chruthú agus a chothabháil a bhíodh ag brath go heacnamaíoch riamh anall ar thalmhaíocht, ar bhaint móna agus ar thionscal an fhuinnimh. Bhí ról láidir eacnamaíochta agus sóisialta ag an dá chuideachta le roinnt blianta anuas trí fhostaíocht le pá maith a sholáthar, tacaíocht a sholáthar do phobail áitiúla agus do chlubanna spóirt, agus chuir Bord na Móna an maoiniú ar fáil chun roinnt scéimeanna tithíochta a fhorbairt dá fhostaithe ar fud an réigiúin.

In 2018, d'fhógair Bord na Móna a Straitéis Brown to Green inar leagadh amach a thiomantas bogadh ar shiúl ó ghnó móna traidisiúnta chun bheith ina chuideachta réitigh aeráide, agus d'fhógair go gcuirfeadh sé deireadh lena oibríochtaí bainte móna in 2021. Rachaidh deireadh á chur le móin chun cumhacht a ghiniúint chun sochair don aeráid, don bhithéagsúlacht agus don gheilleagar, ach d'imir dúnadh luathaithe dhá stáisiún cumhachta BSL agus cinneadh Bhord na Móna deireadh ar fad a chur le baint móna tionchar suntasach ar an ngeilleagar réigiúnach. Baineann na dúshláin aistrithe le caillteanas post díreach i mbaint agus i soláthar móna agus in oibriú na stáisiún cumhachta, chomh maith le caillteanas fostaíochta indíreach trí chonraitheoirí agus soláthraithe áitiúla agus deireadh á chur le rátaí do na húdaráis áitiúla a n-imreofar tionchar orthu.

Mar a tugtar faoi deara i dtuarascálacha agus anailís chríochach an Choimisinéara um Aistriú Cóir a rinne foireann START an Choimisiúin Eorpaigh, ba léir go raibh tionchar aige seo ar cheithre chontae Lár na Tíre agus freisin ar na contaetha comharsanacha Ros Comáin, Thiobraid Árann, na Gaillimhe agus Chill Dara. D'imir na dúshláin aistrithe tionchar orthu toisc go bhfuil cuid de na grúpaí portach agus den bhonneagar agus de na hoibreacha giniúna cumhachta lonnaithe sna contaetha seo, nó go bhfuil cónaí ar fhostaithe sna contaetha comharsanacha seo. Cuireadh na contaetha seo san áireamh ina dhiaidh sin faoi raon feidhme an Chiste um Aistriú Cóir náisiúnta.

Tuarascáil de réir Tíre an tSeimeastair Eorpaigh 2020

I dTuarascáil de réir Tíre an tSeimeastair Eorpaigh 2020 d'Éirinn sainaithníodh go n-imreoidh aistriú na hÉireann ó fhoinsí fuinnimh diancharbóin i dtreo foinsí fuinnimh in-athnuaite níos inbhuanaithe tionchar suntasach ar réigiún Lár na Tíre agus ar na hoibrithe ina tionscal giniúna leictreachais. Sa Tuarascáil de réir Tíre moladh go ndíreofaí an Ciste um Aistriú Cóir ar réigiún Lár Tíre NUTS 3 (contaetha Laois, an Longfoirt, Uíbh Fhailí agus na

hIarmhí) agus go bhféachfadh infheistíocht le héagsúlú a dhéanamh ar an ngeilleagar réigiúnach chun é a dhéanamh níos iomaíche agus chun costais shocheacnamaíocha an aistrithe a mhaolú.

An Chríoch a Bheidh faoin Tionchar is Diúltaí

Trí Chlár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach an Choimisiúin Eorpaigh rinne sainchomhairleoirí anailís chun an chríoch is mó a mbeidh tionchar uirthi a mheas, ag tógáil ar an gcreat tosaigh arna chur i láthair i dTuarascáil de réir Tíre an tSeimeastair Eorpaigh. Sa tuarascáil scrúdaíodh na hocht gcontae a chuimsítear leis an mbeartas um aistriú cóir baile, mar aon le Contae an Chláir mar gheall ar dhúnadh ionchasach stáisiún cumhachta guail ESB, Pointe na Maighne, níos déanaí sna deich mbliana seo. Sa tuarascáil sainaithníodh contaetha NUTS 3 Lár Tíre chomh maith le Contae Ros Comáin mar na críocha faoin tionchar is diúltaí.

Sa dréachtphlean seo tá aird á tabhairt ar mholtaí an Choimisiúin Eorpaigh agus tá sé cuíchóirithe le cumhdach críochach an Chiste um Aistriú Cóir náisiúnta. Sainaithníonn sé go sealadach Oirthear na Gaillimhe, Tiobraid Árann Thuaidh, an Longfort, Laois, Uíbh Fhailí, an Iarmhí, Iarthar Chill Dara agus Ros Comáin mar na críocha a ndíreofar orthu.

Comhlánófar roghnú na críche a bheidh faoin tionchar is diúltaí trí anailís chríochach bhreise chun tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann i gcodanna de chontaetha atá luaite san anailís ar thuarascálacha START an Choimisinéara um Aistriú Cóir agus an Choimisiúin Eorpaigh a bhreithniú.

1.3 Sainaithin na réigiúin agus na hoileáin is forimeallaí a bhfuil dúshláin shonracha acu laistigh de chríocha atá liostaithe faoi Alt 1.1 agus na méideanna sonracha a leithdháiltear ar na críocha sin le bonn cirt comhfhreagrach

Ní bhaineann le hábhar.

2. Measúnú ar dhúshláin an aistrithe le haghaidh gach ceann de na críocha arna sainaithint

2.1 Measúnú ar thionchar eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bheidh ag an an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach an Aontais faoi 2050

Móin le haghaidh Giniúna Cumhachta mar Earnáil atá ag Dul i Léig

I gcomhthéacs Chiste um Aistriú Cóir an AE, de réir Thuarascáil de réir Tíre an tSeimeastair Eorpaigh, is é an t-aistriú ábhartha an t-aistriú luathaithe ar shiúl ó bhaint móna le haghaidh giniúna cumhachta móinadhainte i réigiún Lár na Tíre. Cruthaíonn an t-aistriú láithreach seo dúshláin do chríoch ar críoch tuaithe í den chuid is mó ina bhfuil roinnt éagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha.

Cruthóidh an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin in Éirinn dúshláin agus deiseanna ar fud gheilleagar na hÉireann. In anailís a rinne ESRI (De Bruin et al., 2019) rinneadh athbhreithniú ar earnálacha agus ar réigiúin a mbeidh tionchair dhíréireacha saothair orthu mar thoradh ar an bpróiseas aistrithe. San anailís tugtar le fios go mbeidh príomhthionchar mhargadh an tsaothair an aistrithe ar na hearnálacha breosla iontaise agus iompair agus meastar san anailís go mbeidh laghdú 31% ar éileamh saothair ag an earnáil móna. Sa tionscal breosla iontaise, is í móin an fho-earnáil shuntasach ina bhfuil na héifeachtaí iartheachtacha isf lena n-áiríodh oibrithe séasúracha suntasaí i gcomparáid le gual a allmhairítear seachas a bhaint go háitiúil. Tá móin le haghaidh giniúna cumhachta ag dul i léig in Éirinn le roinnt blianta anuas agus b'ionann í agus thart ar 3% den éileamh iomlán leictreachais in 2020.

Tá gá leis an aistriú seo ó eastóscadh móna le haghaidh giniúna cumhachta toisc nach mór d'Éirinn a cuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú chun a cuid oibleagáidí maidir leis an athrú aeráide a chomhlíonadh. Cothaíodh gníomhaíochtaí bainte móna freisin trí thacaíocht an rialtais i bhfoirm Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) a chuir d'oibleagáid ar BSL méid seasta leictreachais móinadhainte a cheannach. Tháinig deireadh le maoiniú PSO do BSL chun móin a cheannach le haghaidh giniúna leictreachais ag deireadh 2019.

Níor thug comhlacht pleanála na hÉireann, An Bord Pleanála, cead do BSL gléasra cumhachta Iarthar Uíbh Fhailí a aistriú ó mhóin go bithmhais faoi 2027. Dá thoradh sin,

chinn BSL gan leanúint dá iarratas pleanála chuig Comhairle Chontae an Longfoirt do ghléasra Loch Rí i bhfianaise na gcúiseanna a bhí leagtha amach ag an mBord Pleanála. De dhroim athbhreithniú ar roghanna do stáisiúin chumhachta Iarthar Uíbh Fhailí agus Loch Rí araon níor tháinig aon ghnó inmharthana faoin tsamhail chumraíochta gléasra atá ann cheana tar éis 2020 chun solais agus, dá bhrí sin, scoir an dá stáisiún ESB, a dhóigh dhá mhilliún tonna de mhóin Bhord na Móna gach bliain, de bheith ag giniúint leictreachais ag deireadh 2020. Mar a thugtar ar aire i Roinn 1.2, tá cead ag an aon stáisiún cumhachta amháin atá fágtha, Éadan Doire, móin a chomhadhaint le bithmhais go dtí 2023.

Tionchar Socheacnamaíoch

Ba é an príomhdhúshlán le linn an aistrithe amach ó mhóin an tionchar ar phoist agus ar phobail sa réigiún a bhfuil tionchar air de réir mar a chuirtear deireadh leis an tionscal dlúthshaothair bainte móna de réir a chéile agus a chuirtear tionscail nach bhfuil chomh dian ar shaothar amhail fuinneamh gaoithe ina n-áit. I bhfianaise thionchar Bhord Na Móna agus BSL araon ar réigiún Lár na Tíre i gcoitinne mar fhostóirí agus mar ghníomhaithe a spreagann forbairt eacnamaíoch réigiúnach, bhí tionchar soiléir diúltach ag a n-aistriú ó ghiniúint leictreachais mhóinadhainte, agus is dócha gur mar sin a bheidh amach anseo.

Ba é Bord na Móna an príomhfhostóir san earnáil giniúna cumhachta móna. In 1980, bhí 7,100 fostaí ag BnM, agus go leor eile fostaithe i bpoist shéasúracha bainte móna leis an gcuideachta. Bhí an BSL, mar oibreoir na stáisiún cumhachta ag Loch Rí agus Iarthar Uíbh Fhailí, ina fhostóir sa réigiún freisin; mar sin féin, mar chion dá fhórsa saothair foriomlán (thart ar 8,000), bhí líon réasúnta beag fostaithe ag na gléasraí seo.

Tá leibhéil fostaíochta sa tionscal bainte móna laghdaithe le himeacht ama. Sular dúnadh an dá stáisiún cumhachta BSL, rinne Bord na Móna bearta chun an chuid sin dá ghnó a bhaineann le móin a laghdú. I mí na Bealtaine 2017, d'fhonn inmharthanacht leanúnach an ghnó brícíní móna a áirithiú, rinneadh cinneadh monarcha brícíní an Bhaile Bhig a dhúnadh agus díriú ar tháirgeadh ag saoráid Dhoire an Locha. Mar thoradh ar an gcinneadh seo cailleadh suas le 125 post ag saoráid an Bhaile Bhig, Contae Thiobraid Árann, go luath in 2018 agus poist eile sa slabhra soláthair móna. Cailleadh 45 post mar thoradh ar dhúnadh a ionad dáilte guail. D'fhógair Bord na Móna tuilleadh iomarcaíochtaí mar thoradh ar chúinsí eacnamaíocha níos leithne lena n-áirítear titim in ioncam tráchtála agus díolacháin ghairneoireachta mar thoradh ar an bpaindéim COVID-19.

Thionchair Dhíreacha ar Phoist

Meastar gur imir dúnadh na stáisiún tionchar ar 68 ball foirne ESB i stáisiúin chumhachta Uíbh Fhailí Thiar agus Loch Rí, ina raibh meascán de scarúint dheonach, luathscor deonach agus aistrithe chuig codanna eile de BSL, gan aon iomarcaíochtaí éigeantacha á gcur i bhfeidhm. As an bhfoireann a d'aistrigh go róil eile laistigh den chuideachta, fuair a bhformhór róil bhuana le hathruithe teoranta ar théarmaí fostaíochta.

Idir Eanáir 2019 agus Bealtaine 2021, imríodh tionchar ar thart ar 1,000 fostaí i mBord na Móna, lena n-áiríodh oibrithe séasúracha, agus an-chuid acu seo mar thoradh ar dhúnadh dhá ghléasra cumhachta BSL. Meastar gur ghlac 560 ball foirne iomarcaíocht dheonach, gur bhain beagnach 150 leas as luathscor, agus aistríodh an 350 eile go codanna eile den ghnó. Tuairiscíodh go raibh tromlach na bhfostaithe a raibh tionchar orthu ina gcónaí i gcontaetha mórlimistéir Lár na Tíre, Laois, Uíbh Fhailí, an Iarmhí, Cill Dara, Ros Comáin, an Longfort, Tiobraid Árann agus Gaillimh. Bhí os cionn leath acu siúd a d'fhág an chuideachta os cionn 60.

Faoi Iúil 2021, aistríodh thart ar 350 fostaí BnM a bhí ag obair i ngníomhaíochtaí a bhaineann le móin (baint móna, iompar lasta srl. den chuid is mó) agus cuireadh iad i mbun an Scéim Feabhsaithe um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú (EDRRS) a oibriú. Tá EDRRS ag tabhairt faoi chlár uaillmhianach athshlánaithe agus athchóirithe de níos mó ná 33,000 heicteár ar fud 82 portach Bhord na Móna a dhéanfaidh stóráil 100 milliún tonna d'astaíochtaí CO2 a chosaint, a fheabhsóidh bithéagsúlacht agus a chuirfidh le sprioc na hÉireann a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. Mhaolaigh sé seo go pointe áirithe na tionchair dhiúltacha a raibh súil leo ar phoist trí ról idirthréimhseach a sholáthar agus fostaíocht a chothú sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Táthar ag súil, áfach, go mbeidh saolré sonrach ag an gclár seo agus go dtiocfaidh sé chun críche sa deireadh. Ina theannta sin, táthar ag súil go bhféadfadh tuilleadh tionchar eacnamaíochta agus fostaíochta diúltach breise a bheith sa réigiún mar gheall ar dheireadh á chur de réir a chéile go leanúnach ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le móin, lena n-áirítear ag an mhonarcha brícíní ag Doire an Locha (Contae Uíbh Fhailí), agus b'fhéidir ag an stáisiún cumhachta in Éadan Doire (Contae Uíbh Fhailí).

Tionchair Indíreacha ar Phoist

Chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar na héifeachtaí díreacha ar fhostaithe Bhord na Móna agus BSL, tá sé tábhachtach freisin na héifeachtaí fostaíochta níos leithne ar an ngeilleagar

réigiúnach a mheas trí iniúchadh a dhéanamh ar na tionchair indíreacha agus spreagtha ar fhostaíocht. Is iad na tionchair indíreacha na tionchair iartheachtacha measta amhail an laghdú ar fhostaíocht indíreach agus caiteachas gnó agus cuimsíonn fostaíocht indíreach fruiliú conraitheoirí seachtracha, saothraithe, lónadóirí agus glantóirí a mbeadh tionchar orthu dá bhrí sin de réir mar a dhúnfar gléasraí agus oibríochtaí. I dtuarascáil a ullmhaíodh do Bhord na Móna in 2018, measadh gur cruthaíodh 800 post indíreach sa réigiún mar gheall ar thionchar indíreach fostaíochta a bhain le gníomhaíochtaí na cuideachta (Power, 2018). Ina theannta sin, mheasadh sa tuarascáil, ar bhonn cúig phost a bheith á gcruthú in aghaidh an €1m a caitheadh, gur thart ar 400 post a bhí san fhostaíocht spreagtha ar fud an gheilleagair réigiúnaigh.

Éagsúlú beartaithe ar ghníomhaíochtaí cuideachta

Bord na Móna

Is é an príomhdhúshlán do Bhord na Móna aistriú ó ghnó atá bunaithe go stairiúil ar bhreoslaí iontaise (móin) chuig gnó, i gcomhréir le beartas an Rialtais, atá dírithe go príomha ar fhuinneamh in-athnuaite, agus iarracht a dhéanamh lena linn fostaíocht agus forbairt eacnamaíoch a choimeád i Lár na Tíre. Le blianta beaga anuas, tá Bord na Móna tar éis bogadh agus a ghnó a éagsúlú ó bheith ag brath ar bhaint móna agus tá ioncam na cuideachta a ghintear ó mhóin laghdaithe go mór le himeacht na mblianta. I mí Eanáir 2021, dheimhnigh Bord na Móna go scoirfeadh sé go buan de bhaint na móna ar a thailte agus go ndíreodh sé a ghnó ar fhuinneamh in-athnuaite, athchúrsáil, athchóiriú tailte portaigh agus soláthar earraí agus seirbhísí ísealcharbóin eile.

Tá roinnt gnéithe sa straitéis chun an aidhm seo a bhaint amach lena n-áirítear giaráil a dhéanamh ar shócmhainní talún chun réitigh fuinnimh in-athnuaite a sheachadadh (gaoth agus grian araon) agus éagsúlú i réimsí gnó eile amhail aisghabháil acmhainní. Tá an chuideachta tar éis dul isteach arís i gcéim fáis tar éis tréimhse mheathlaithe, atá á dhéanamh trí athstruchtúrú agus breis agus €50m de chostais a thógáil amach, agus aonaid ghnó agus foirne bainistíochta a athmhúnlú chun forbairtí nua a chumasú. Ina theannta sin, chun freagairt do chineál athraitheach na giniúna cumhachta, tá sé ríthábhachtach fórsa saothair solúbtha oilte a bheith sa réigiún agus a áirithiú go bhfuil na tacair de scileanna riachtanacha ar fáil.

Mar thoradh ar an aistriú leanúnach ó mhóin, laghdaíodh oibríochtaí bainte móna go

10,000 heicteár ó 18,000 heicteár in 2018 agus ciallaíonn an laghdú leanúnach seo gurb ionann oibríochtaí móna Bhord na Móna anois agus aon faoin gcéad de thailte portaigh an náisiúin. I measc samplaí d'éagsúlú na cuideachta ar shiúl ó mhóin tá an méid seo a leanas:

- In 2007, cheannaigh an chuideachta cuideachta athchúrsála dramhaíola - Advanced Environmental Solutions (AES) – agus faoi 2019, bhí thart ar 500 duine fostaithe sa chuid seo den ghnó.
- In 2015, thosaigh sí ag oibriú fheirm ghaoithe Mount Lucas ar 1,100 heicteár de thalamh portaigh lagphortach i gContae Uíbh Fhailí. Gineann an fheirm ghaoithe 84MW de leictreachas in aghaidh na bliana, dóthain chun cumhacht a sholáthar do 45,000 teach, agus fostaíonn sé timpeall 50 duine.
- Tá saoráid úsáide gáis líonta talún ag Bord na Móna i gContae Chill Dara a ghineann leictreachas in-athnuaite do 8,500 teach.
- Le 80,000 heicteár de thailte portaigh, sainaithníodh talamh mar cheann dá shócmhainní is suntasaí a sholáthraíonn an iliomad deiseanna tráchtála agus neamhthráchtála lena n-áirítear seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais. Athshlánaíodh 15,000 heicteár de thailte portaigh agus tá siad ar fáil le haghaidh úsáide tráchtála nach mbaineann le móin.

BSL

Tá BSL i mbun iarratais phleanála a fhorbairt freisin faoi láthair do shuíomhanna stáisiún cumhachta Loch Rí agus Dhroichead na Sionainne araon mar ionaid fuinnimh in-athnuaite chun fás in earnáil na dteicneolaíochtaí glasa a éascú. Tá sé seo in oirchill tairiscintí iomaíocha amach anseo a bheidh ag EirGrid agus ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU). Áirítear leis an teicneolaíocht atá beartaithe comhdhlúthadáin shioncronacha agus cumais stórála fuinnimh ag an dá shuíomh.

2.2 Riachtanais forbartha agus cuspóirí faoi 2030 d'fhonn geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach san Aontas faoi 2050

Riachtanais Forbartha Chríochacha

Sainaithníodh roinnt riachtanas agus cuspóirí forbartha féideartha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin aistrithe sa tréimhse go 2030 agus a rannchuideoidh i dtreo geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050, i gcomhréir le raon feidhme tacaíochta an Chiste um Aistriú Cóir agus leis an loighic idirghabhála.

1. An Timpeallacht Ghnó a Nuachóiriú agus Deiseanna Fostaíochta a Chruthú
2. An Phróifíl Scileanna a Fheabhsú
3. Fócasú ar Inbhuanaitheacht Timpeallachta agus Oidhreacht Thionsclaíoch
4. Cumas an réigiúin a fheabhsú mar áit chónaithe agus oibre

1. An Timpeallacht Ghnó a Nuachóiriú agus Deiseanna Fostaíochta a Chruthú

Príomhriachtanas forbartha a sainaithníodh tríd an bpróiseas rannpháirtíochta a rinneadh chun tacú le hanailís an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach ba ea fostaíocht mharthanach a sholáthar d'oibrithe díláithrithe agus deiseanna eacnamaíocha nua a chruthú do na glúine atá le teacht. Sainaithníodh gur gá poist don todhchaí a fhorbairt sa réigiún agus deiseanna nua do ghnólachtaí braisliú, leathnú, nuáil a dhéanamh, go háirithe sna hearnálacha fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin. Dá thoradh seo leanfaí de shócmhainní an réigiúin a ghiaráil, a tógadh i gcaitheamh na mblianta fada, i dtáirgeadh fuinnimh agus innealtóireacht.

Maidir le tacaíocht do thaighde agus d'fhorbairt i dtionscail sa réigiún, amhail fuinneamh glas nó athshlánú tailte portaigh, beidh gá le comhordú le hInstitiúidí Ardoideachais agus Breisoideachais agus le comhlachtaí oiliúna stáit sa réigiún, nó gar don réigiún. D'fhéadfaí é seo a fhorbairt mar chuid de chur chuige braisle chun comhoiriúnú maith a áirithiú idir riachtanais scileanna gnólachtaí áitiúla agus forbairt scileanna. Maidir le cúrsaí forbartha ní mór don réigiún díriú ar a bhuanna agus dul i mbun speisialtóireachta cliste trí leas a bhaint as saineolas a forbraíodh i réimsí mar Eolaíocht Bheatha, Ardmhonarú, Innealtóireacht Éadrom, Bia agus Deochanna, Bithéagsúlacht, Fuinneamh In-athnuaite, Gairneoireacht agus Turasóireacht. Tá scóip ann freisin maoiniú breise a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas le haghaidh athshlánú tailte portaigh sa réigiún.

Cuspóir beartaithe is ea deiseanna nua fostaíochta a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar thionchair dhíreacha agus indíreacha fostaíochta arna sainaithint i Roinn 2.1. Tríd an tosaíocht seo a chur chun feidhme, ba cheart a bheith ag súil go mbeidh deiseanna eacnamaíocha breise agus timpeallacht ghnó nuachóirithe níos fearr ann a spreagfaidh fiontair chun bunú agus/nó leathnú sa réigiún agus chun infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus i nuálaíocht. Maidir le loighic na hidirghabhála táthar ag súil go bhféadfadh an cineál idirghabhála seo cur le cruthú post.

2. An Phróifíl Scileanna a Fheabhsú

Riachtanas lárnach forbartha sa réigiún agus atá nasctha leis an riachtanas forbartha thuas is ea táirgiúlacht an réigiúin a fheabhsú.

Tar éis sócmhainní a bhaineann le baint móna a dhúnadh, d'fhéadfadh deiseanna oiliúna giniúna cumhachta cur ar chumas oibrithe atá faoi thionchar díreach agus indíreach scileanna ardéilimh, ábhartha mhargadh an tsaothair a shealbhú. Ba iad torthaí thuarascáil SRSP ar na dúshláin, na riachtanais agus na gníomhaíochtaí a mholtar nach ionann infhaighteacht reatha ar na deiseanna oiliúna sa réigiún agus srian mór ar aistriú cóir sa ghearrthéarma agus gur cuireadh córais éifeachtacha, struchtúir oibríochtúla agus deiseanna spriocdhírithe i bhfeidhm d'oibrithe a n-imreofar tionchar orthu, mar shampla trí na Boird Oideachais agus Oiliúna ábhartha agus aontaí poist gníomhachtaithe margaidh saothair agus measúnuithe scileanna na Roinne Cosanta Sóisialta/Intreo. Bhí leibhéal ard soláthair oiliúna sa réigiún, rud a léiríonn soláthar náisiúnta ar fud na réigiún, trí na Boird Oideachais agus Oiliúna réigiúnacha agus trí ionaid oiliúna bhainteacha, mar shampla Mount Lucas i gContae Uíbh Fhailí agus d'éirigh go measartha maith leis seo i dtaca le freagairt do riachtanais ghnó agus bearnaí oiliúna a shainaithint. Ina theannta sin, cheadaigh an Ciste um Aistriú Cóir náisiúnta deontas de €590,000 go sonrach d'fhostaithe Bhord na Móna a n-imreofar tionchar orthu chun oiliúint agus uas-sciliú a éascú.

Ina ainneoin sin, d'fhéadfadh go mbeadh tairbhe ag baint le hidirghabhálacha breise sa réimse a bhaineann le hoiliúint, uas-sciliú, gairmthreoir agus seirbhísí meaitseála scileanna i dtaca le tacaíocht shaincheaptha a thairiscint i leith riachtanais an réigiúin nó leibhéil fheabhsaithe de sholáthar seirbhíse reatha.

Sa chríoch tá leibhéal gnóthachtála oideachais níos ísle ná an meán náisiúnta agus ráta níos airde maidir le daoine óga nach bhfuil in oideachas, fostaithe nó i mbun oiliúna (NEETs). D'fhéadfaí dul i ngleic leis seo go páirteach trí naisc fheabhsaithe idir leibhéal an mheánoideachais agus fostóirí réigiúnacha trí ghairmthreoir fheabhsaithe.

3. Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus Oidhreacht Thionsclaíoch a Chur Chun Cinn

Tá an réigiún Lár Tíre an-saibhir i dtaca le bonneagar oidhreachta nádúrtha agus tionsclaíochta. Tá gabháltais agus sócmhainní suntasacha fós ag BSL agus Bord na Móna lonnaithe sa réigiún ar buntáiste mór iad don chríoch san fhadtéarma agus a chuireann cumas éagsúlaithe ar fáil.

A bhuí le scéim EDRR Bhord na Móna agus an Straitéis Brown to Green i gcoitinne áiritheofar go leanfar de ghníomhaíocht agus d'infheistíocht thionsclaíoch sa réigiún agus ag an am céanna go dtacófar le ról tailte portaigh mar linnte carbóin agus b'fhéidir, nuair is iomchuí, mar shuíomhanna d'fhorbairt bonneagair fuinnimh in-athnuaite. Ar an gcaoi chéanna, léirítear i bpleananna ESB maidir le láithreáin an dá stáisiún cumhachta a fhorbairt tiomantas infheistíocht a dhéanamh i nginiúint fuinnimh in-athnuaite agus i stóráil fuinnimh sa réigiún ar bhonn fadtéarmach. Tá Bord na Móna ag fiosrú gníomhaíochtaí nua freisin chun a ghabháltais shuntasacha talún a ghiaráil i réimsí na bithéagsúlachta agus na turasóireachta ar dócha go gcothóidh siad buntáistí iarmhartacha don chríoch.

Bhí tionchar suntasach cultúrtha ag láithreacht Bhord na Móna sa chríoch a n-imreofar tionchar uirthi ó na 1940idí anall agus mar an gcéanna i gcás bhonneagar giniúna cumhachta BSL. Chuir an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta béim ar a thábhachtaí atá sé comhthéacs stairiúil agus cultúrtha áiteanna agus pobal a shainaithint i bpróiseas um aistriú cóir (NESC, 2021). Ba cheart oidhreacht chultúrtha agus thionsclaíoch a chaomhnú d'fhonn mothú pobail láidir agus mórtas dúiche a choimeád.

Is sampla beo é Loch na Buaraí i dtaca le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus oidhreacht thionsclaíoch a chomhcheangal chun deiseanna eacnamaíocha nua a chruthú agus chun cur le taitneamhachtaí agus caighdeán na beatha níos fearr. Chuir sé breis is milliún tonna móna ar fáil gach bliain tráth agus is tearmann don fhiadhúlra anois é, le hionad do chuairteoirí agus 24 dealbh talún, arna spreagadh ag oidhreacht thionsclaíoch an cheantair. Tá an-tóir go deo air mar dhiol spéise áineasa lasmuigh le líonra fairsing de shiúlbhealaí easbhóthair agus cosáin rothair.

Sna cuspóirí atá le saothrú trí oibríochtaí dá dtugtar maoiniú d'fhéadfaí comhthéacs stairiúil agus cultúrtha na críche agus na bpobal a bhfuil tionchar orthu a shainaithint trí leas a bhaint as an 'paisean comhchoiteann' a léirítear sna portaigh. D'fhéadfaí é seo a fhorbairt trí thacaíocht a thabhairt d'oibríochtaí a éascaíonn tionscadail turasóireachta agus oidhreachta cultúrtha iomchuí chun tarraingteacht na críche a neartú mar cheann scríbe do chuairteoirí agus chun chur le cruthú post.

4. Cumas an réigiúin a fheabhsú mar áit chónaithe agus oibre

Is minic nach mbíonn pobail a n-imríonn teagmhais aistrithe tionchar diúltach orthu in ann a ndaonra agus go háirithe a n-oibrithe oilte a choimeád. D'fhéadfadh sé a bheith mar fhócas agus an Ciste um Aistriú Cóir á chur chun feidhme iarracht a dhéanamh daoine a choimeád

sa réigiún trí dheiseanna a sholáthar don obair agus don oideachas agus athléimneacht réigiúnach a fhorbairt. Roimh Covid-19, de réir shonraí na Príomh-Oifige Staidrimh, d'fhág 24,000 duine an réigiún ar bhonn laethúil chun críocha oibre agus staidéir. Cé nach bhfuil an treocht seo uathúil do réigiún Lár na Tíre mar gheall ar chomhchruinniú fostaíochta sna príomhchathracha agus in ionaid uirbeacha móra eile, d'fhéadfaí an treocht seo a fhrithchothromú ach níos mó deiseanna fostaíochta a chruthú agus an bonn fiontair a fhorbairt

Sainaithníodh ganntanas spáis nua le haghaidh gnó agus oifigí agus spás fiontraíochta agus mol digiteach sa réigiún, go háirithe gar do bhailte a n-imreofar tionchar orthu. D'fhéadfaí tacaíocht a mheas d'fhonn spás oifige breise agus saoráidí cianoibre a chruthú, agus chun moil ghnó agus nuálaíochta a fhorbairt a thabharfaidh spásanna tuirlingthe tarraingteacha do ghnólachtaí agus an deis d'fhostaithe a bheith ag cianobair ina gceantar féin. D'fhéadfaí tacaíocht a mheas freisin d'infheistíochtaí bonneagair a chabhraíonn rochtain agus nascacht laistigh den réigiún a chur chun cinn.

Tá ceann de na scaireanna is airde de dhaoine óga sa tír i Lár na Tíre, a thairgeann deiseanna forbartha tábhachtacha óir más féidir cur ina luí ar dhaoine óga fanacht laistigh den réigiún le haghaidh oibre agus staidéir, go gcinnteofar beogacht agus athléimneacht réigiúnach don chéad ghlúin eile. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach smaoineamh ar na deiseanna do dhaoine óga sa réigiún chun aistriú rathúil a bhaint amach agus tá sé seo ailínithe go dlúth le deiseanna fostaíochta agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna a chruthú.

2.3 Comhsheasmhacht le straitéisí agus pleananna náisiúnta, réigiúnacha nó críochacha eile

Creat Pleanála Náisiúnta

Chuir an Creat Pleanála Náisiúnta deich dToradh Straitéiseacha Náisiúnta (NSOs) ar aghaidh atá ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGs). Is é an NSO is ábhartha maidir le Ciste um Aistriú Díreach an AE Cuspóir 8 'Aistriú chuig Sochaí agus Aeráid Ísealcharbóin Athléimneach' a chuimsíonn fuinneamh glas agus córais nua fuinnimh. Múnlóidh an cuspóir seo roghanna infheistíochta sna blianta amach romhainn de réir an Phlean Náisiúnta um Maolú agus an Chreata Náisiúnta um Oiriúnú. D'fhéadfadh na cuspóirí rannchuidiú freisin chun Toradh Straitéiseach Náisiúnta 5 a bhaint amach: 'Geilleagar Láidir le Tacaíocht ó Nuálaíocht agus Scileanna Fiontraíochta' agus NSO 7

‘Fóntais agus Oidhreacht Fheabhsaithe’. D’fhéadfadh an Ciste um Aistriú Cóir rannchuidiú i dtreo giaráil a dhéanamh ar shuíomh lárnach an réigiúin ar a n-imreofar tionchar chun infheistíocht straitéiseach a chumasú trí fhostaíocht, bonneagar a fhorbairt, trí chaighdeán na beatha a fheabhsú agus bailte contae agus príomhlonnaíochtaí a neartú mar a léirítear sa Chreat Pleanála Náisiúnta (2018).

Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030

Maidir le tacaíochtaí Chiste um Aistriú Cóir an AE ní mór a áirithiú go bhfuil siad comhsheasmhach leis na tosaíochtaí atá leagtha amach i dTosaíochtaí infheistíochta straitéiseacha Phlean Forbartha Náisiúnta na hÉireann. D’fhéadfadh sé seo a bheith bainteach go háirithe le forbairt tuaithe, scileanna fiontraíochta agus cumas nuálaíochta, oidhreacht chultúrtha, iompar poiblí inbhuanaithe, agus spórt agus gníomhaíocht ar son na haeráide. Cuirfidh an Plean Forbartha Náisiúnta maoiniú taighde fuinnimh ar fáil chun an t-éagsúlú a luathú ó bhreoslaí iontaise chuig fuinneamh glas, lena n-áirítear fuinneamh gaoithe, toinne, gréine, bithmhaise, bithbhreoslaí, bithgháis agus hidrigine. Is é an cuspóir fadtéarmach aistriú go seirbhísí fuinnimh a bheidh aeráidneodrach, iontaofa, slán, solúbtha agus tíosach ar acmhainní ar an gcostas is lú is féidir don tsochaí faoi lár na haoise.

An Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (NRRP)

D’fhormhuinigh an Coimisiún Eorpach Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann i mí Iúil 2021 agus is é an cuspóir atá aige rannchuidiú le hiarracht téarnaimh inbhuanaithe, chothrom, ghlas agus dhigiteach ar bhealach a chomhlánaíonn agus a thacaíonn le hiarrachtaí téarnaimh níos leithne an Rialtais.

Tá an t-aistriú glas á chur chun cinn ar cheann de thrí thosaíocht i bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann. Tacófar freisin le hathshlánú feabhsaithe ar thailte móna na hÉireann faoin NRRP. Tacóidh riachtanais agus cuspóirí forbartha CUAC an AE mar atá leagtha amach leis an NRRP trí rannchuidiú i dtreo infheistíochtaí tosaíochta an aistrithe ghlais a chur chun cinn. Bainfidh sé seo go háirithe le tacaíochtaí d’fhiontair chun tacú lena rannpháirtíocht i dtaighde, forbairt agus nuálaíocht ghlas.

Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021

Mar a leagtar amach i Roinn 1.1, sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021 leagtar amach ceithre phrionsabal maidir le hAistriú Cóir Aeráide agus leagtar amach plean chun an tAistriú Cóir a chur chun feidhme i réigiún Lár na Tíre. Tá forbairt an Phlean agus an Chláir um Aistriú Cóir Críche san áireamh i bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021 agus

beidh cuíchóiriú idir Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021 agus Ciste um Aistriú Cóir an AE i dtaca le gníomhaíochtaí a fhorbairt.

Straitéis Náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste

Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i mbun Straitéis um Speisialtóireacht Chliste (S3) nuashonraithe d'Éirinn a fhorbairt, a chumhdóidh an tréimhse go 2027. Ar áireamh ann beidh comhairliúchán ar leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear Pleananna Fiontair Réigiúnacha athbhreithnithe (REPs), a thabharfaidh léargas áitiúil agus réigiúnach ar thosaíochtaí nuálaíochta. Léireofar cur chuige na hÉireann i leith Speisialtóireacht Chliste i straitéis nua taighde agus nuálaíochta na hÉireann, atá á forbairt faoi stiúir na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Sa doiciméad comhairliúcháin do Straitéis S3 tugtar ar aire leibhéal méadaithe na héagothromaíochta inréigiúin i réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre idir Baile Átha Cliath agus Lár na Tíre, agus an difríocht san ioncam indiúscartha per capita idir Baile Átha Cliath agus Lár na Tíre ag méadú ó bhearna de €3,201 in aghaidh an duine in 2009 go bearna de €9,028 in 2019. Tá dúshláin bhreise le feiceáil go soiléir ó roinnt táscairí a bhaineann le hacmhainn tháirgiúil gheilleagar an réigiúin, lena n-áirítear dáileadh ionad uirbeach, acmhainneacht taighde agus nuálaíochta, earnálacha ard-bhreisluacha, rátaí gnóthachtála tríú leibhéal agus cumais onnmhairiúcháin. Sainaithníonn sé an geilleagar ísealcharbóin agus próisis teicneolaíochtaí déantúsaíochta mar réimsí deiseanna eacnamaíocha do Lár na Tíre.

Beartas Forbartha Tuaithe: Ár dTodhchaí Tuaithe 2021-2025

Luaitear sa Bheartas Forbartha Tuaithe 2021-2025 gur dócha go mbeidh na dúshláin roimh thuath na hÉireann sna blianta amach romhainn mar an gcéanna le patrúin atá ag dul i gcion ar cheantair thuaithe ar fud an domhain. Beidh na dúshláin seo á spreagadh ag treochtaí amhail tionchair na ndaonraí atá ag dul in aois, uirbiú, méadú ar geilleagair éiritheacha, an t-athrú aeráide agus brúnna comhshaoil, domhandú méadaithe, agus forbairtí teicneolaíochta. Chun a áirithiú go leanfaidh an chríoch ina n-imreofar an tionchar is diúltaí ag forbairt agus ag baint amach a lánacmhainneachta is gá athléimneacht a thógáil chun déileáil leis an aistriú trí bhearta a sholáthar le haghaidh fáis inbhuanaithe.

An Straitéis Náisiúnta um Thailte Portaigh 2015

Sa Straitéis Náisiúnta um Thailte Portaigh 2015, atá faoi athbhreithniú meántéarma faoi láthair, leagtar amach prionsabail ghinearálta maidir le húsáid agus bainistiú tailte portaigh.

Tugann sí dá haire go mbeadh tailte portaigh na hÉireann fós in úsáid ar mhaithe le hanchuid críoch lena n-áirítear talmhaíocht, forbairt, baint móna, foraoiseacht, caomhnú agus fóntas. Tá ailíniú idir aidhmeanna agus cuspóirí Chiste um Aistriú Cóir an AE agus an Straitéis Náisiúnta um Thailte Portaigh maidir le húsáid tailte portaigh sa todhchaí lena n-áirítear fuinneamh malartach, talmhaíocht agus gairneoireacht, foraoiseacht, bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais, fóntas, agus turasóireacht.

Cuid de na pleananna agus na straitéisí náisiúnta ábhartha eile:

- Plean Gníomhaíochta do Phrintíseachtaí 2021-2025
- Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2020-2024
- Making Remote Work - An Straitéis Náisiúnta um Chianobair
- An Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025
- Cónairí chun Oibre 2021-2025

Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta an Oirthir agus Lár na Tíre (RSES) 2019-2031

Sa RSES do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre, a glacadh in 2019, leagtar amach na beartais spáis, eacnamaíocha agus aeráide fhadtéarmacha don réigiún i gcomhthéacs creata infheistíochta do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre (EMR), a chuimsíonn 12 chontae. Áirítear san EMR na ceithre chontae NUTS 3 Lár na Tíre eadhon Laois, Longfort, Uíbh Fhailí agus an Iarmhí agus Contae Chill Dara. Maidir leis an lár tíre i gcoitinne, tá contaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin san áireamh i limistéar Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA) agus tá contae Thiobraid Árann i limistéar Thionól Réigiúnach an Deiscirt (SRA). Tá a RSES féin ag NWRA agus ag SRA araon, agus glacadh leo beirt in 2020.

I Straitéis EMRA cuirtear síos ar Lár na Tíre mar réigiún dinimiciúil, suite go lárnach i gcroílár na hÉireann le timpeallacht agus caighdeán na beatha ardcháilíochta agus idirnascacht náisiúnta nach bhfuil a sárú le fail. Tá an Straitéis Eacnamaíoch bunaithe ar chúig phríomhphrionsabal lena n-áirítear speisialtóireacht chliste agus cur chuige straitéiseach maidir le braisliú chun réigiúin a threisiú sna hearnálacha tionsclaíocha is forbartha acu agus chun bunanna eacnamaíocha a éagsúlú. Leis an Straitéis Spáis tugtar tosaíocht d'infheistíocht i bpríomhshuíomhanna scála a thacaíonn lena gcúlchríocha i gcoitinne chun mais chriticiúil daonra agus bonn fiontraíochta na lonnaíochtaí a thógáil chun infheistíocht agus tallann a mhealladh agus a choimeád.

Tá Lár na Tíre rangaithe mar réigiún tairsí sa straitéis fáis agus tá Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí, ainmnithe mar Ionad Fáis Réigiúnach chun gníomhú mar spreagadh eacnamaíoch réigiúnach agus chun tacú lena limistéir níos leithne. Sa straitéis leagtar amach fís de phríomhbhaile Lár na Tíre maidir le fás leanúnach agus fócas ar chaighdeán na beatha agus infheistíocht a dhaingniú chun a ról mar phríomhionad fáis réigiúnach agus mar spreagadh eacnamaíoch i lár na hÉireann a chomhlíonadh agus chun gníomhú mar phríomhbhaile do phobal Lár na Tíre.

Tháinig ceantair áirithe sa réigiún chun cinn mar bhailte comaitéireachta go príomha a bhfuil rátaí arda fáis daonra iontu ach le leibhéal lag seirbhísí agus feidhmeanna dá ndaonraí cónaitheacha. Tá gá le hinfheistíocht athdheise i bhfostaíocht agus i seirbhísí áitiúla sna bailte seo chun go n-éireoidh siad níos féinchothaithí. Príomhchuspóir forbartha réigiúnach is ea The Hidden Heartlands, an straitéis bhrandála turasóireachta do Lár na Tíre atá á stiúradh ag Fáilte Éireann.

Sa RSES leagtar amach liosta de dheiseanna earnála d'inneall eacnamaíoch an réigiúin ar cheart iad a mheas sa chomhthéacs eacnamaíoch réigiúnach le haghaidh speisialtóireachta cliste bunaithe ar Phleananna Fiontar Réigiúnacha, ar Phleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail agus ar straitéisí fiontraíochta áitiúla. Mar gheall ar an institiúid tríú leibhéal atá lonnaithe i mBaile Átha Luain sainaithnítear go gcuirtear ar chumas an réigiúin ról a éireoidh níos láidre a imirt mar phríomhspreagadh don fhás eacnamaíoch. I measc na ndeiseanna earnála aitheanta do Lár na Tíre tá:

- Ardmhonarú, déantúsaíocht chliste, feistí leighis, táirgí cógaisíochta/bitheolaíochta, bia agus táirgí a ndearnadh innealtóireacht orthu,
- An Tionscal Bia agus Deochanna lena n-áirítear bianna inbhuanaithe, táirgí feola, táirgí agra-bhitheolaíocha, bithscagadh,
- Turasóireacht lena n-áirítear turasóireacht ó thaithí,
- Eile, lena n-áirítear feirmeoireacht bheacht, seachfhoinsiú seirbhísí innealtóireachta domhanda, fuinneamh in-athnuaite.

Sa Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta leagtar béim ar an ngá atá le hinfheistíocht shaincheaptha chun aistriú cóir a sheachadadh don cheantar Lár Tíre i gcoitinne. Ina theannta sin, tá gá le hinfheistíocht chun athrú struchtúrach eacnamaíoch in earnálacha, lena n-áirítear talmhaíocht, a bhainistiú. Beidh an infheistíocht ag teastáil chun

tionchar Brexit a bhainistiú agus, go háirithe, an tionchar ar an earnáil talmhaíochta. Cuirtear béim ar an ngá maidir le tacú le bailte agus le pobail tuaithe, lena n-áirítear trí nascacht a fheabhsú, suíomhanna le seirbhísí a sholáthar i mbailte agus sráidbhailte tuaithe, agus tacú le cruthú post.

Sa RSES tugtar tosaíocht freisin do sholáthar gréasán Glasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha atá nasctha go straitéiseach, lena n-áirítear Glasbhealach Bhaile Átha Cliath-Gaillimh agus líonra nasctha glasbhealaí, gormbhealaí agus móinbhealaí. Freastalaíonn sé seo ar raon leathan feidhmeanna bithéagsúlachta agus áineasa chomh maith le hacmhainn shuntasach maidir le turasóireacht agus geilleagair thuaithe agus áitiúla a éagsúlú. Leagtar amach treoirphrionsabail a chomhairlíonn breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh tailte móna cabhrú chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus chun oiriúnú dó. D'áireodh sé seo tacaíocht maidir le gnáthóga tailte móna oiriúnacha a athshlánú i gcomhréir leis an scéim athshlánúcháin leanúnach.

Pleananna Fiontair Réigiúnacha

Is iad na páirtithe leasmhara réigiúnacha a fhorbraíonn Pleananna Fiontair Réigiúnacha agus díríonn siad ar thionscnaimh chomhoibríocha a d'fhéadfadh cabhrú i dtreo fás fiontraíochta agus cruthú post a bhaint amach i ngach ceann de na naoi réigiún ar fud na hÉireann. Comhlánaíonn agus tógann na pleananna 'ón mbun aníos' ar straitéisí lárnacha na nGníomhaireachtaí Fiontair, na nOifigí Fiontair Áitiúla agus an raon níos leithne de Chomhlachtaí Stáit a bhfuil baint dhíreach acu maidir le tacú le forbairt fiontraíochta sna réigiúin. Tá sé mar aidhm acu breisluach agus tionchar méadaithe a bhailiú trí ghníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla a bheith ag obair le chéile ar leochaileachtaí agus ar dheiseanna forbartha fiontraíochta nua sna réigiúin.

Tá chur chun feidhme gach Plean Fiontair Réigiúnach á mhaoirsiú ag Coiste Stiúrtha Réigiúnach atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na hÚdaráis Áitiúla, OFÁanna, Fiontraíocht Éireann, IDA-Éireann, Fóram Réigiúnach Scileanna, Institiúid Ardoideachais agus Breisoideachais, Boird Oideachais agus Oiliúna, an earnáil phríobháideach, agus eile, agus duine ar leibhéal sinsearach ón earnáil phríobháideach mar chathaoirleach air. Táthar ag súil go dtabharfar Pleananna Fiontair Réigiúnacha don tréimhse go dtí 2024 chun críche go luath in 2022.

Pleananna Forbartha Contae

Is é an cuspóir atá ag Plean Forbartha Contae ná creat straitéiseach a leagan amach d'fhorbairt inbhuanaithe cheantar sonraithe an Údaráis Áitiúil. Tá formhór na bPleananna Forbartha Contae atá ann faoi láthair faoi athbhreithniú agus glacfaidh gach Comhairle Contae iad sna míonna amach romhainn. Sna Pleananna Forbartha Contae ó na húdaráis áitiúla sa chríoch ar a n-imreofar tionchar tagraítear do thacaíocht a thabhairt d'fhostaithe agus do phobail sa phróiseas um aistriú cóir.

Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)

Is é cuspóir LECP na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí a leagan amach a theastaíonn chun forbairt eacnamaíoch an limistéir údaráis áitiúil ábhartha a chur chun cinn agus chun tacú léi. Tagann na LECPs is déanaí ó 2016 agus tá siad le dul in éag le linn 2021/2022. D'fhoilsigh an Rialtas treoirlínte le déanaí maidir le LECPs nua a ullmhú a chumhdóidh an chéad tréimhse sé bliana eile. Sna treoirlínte seo táthar ag dréim leis gur príomhchreat é an LECP trínar féidir idirghabhálacha um ghníomhaíocht ar son na haeráide a sheachadadh ag leibhéal an údaráis áitiúil agus gur cheart go mbeadh breithniú ar ról an LECP i dtaca le tacú le seachadadh gníomhaíochtaí i bPleananna Gníomhaíochta ar son na hAeráide Áitiúla agus Náisiúnta mar chuid den LECP le gníomhaíochtaí sonracha san áireamh sna Pleananna Cur chun Feidhme de réir mar is cuí.

Pleananna Gníomhaíochta Áitiúla ar son na hAeráide

Faoin Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, tá sé de cheangal ar gach Údarás Áitiúil go n-ullmhóidh siad Pleananna Gníomhaíochta ar son na hAeráide aonair a chuimseoidh bearta maolaithe agus oiriúnaithe araon. Ní mór na pleananna seo a bheith ailínithe le Pleananna Forbartha Contae. Tá Straitéisí maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide ag gach Údarás Áitiúil a chumhdaíonn an tréimhse 2019 go 2024.

2.4 Cineálacha oibríochtaí atá beartaithe

Chun an Plean agus an clár Críochach um Aistriú Cóir a fhorbairt, tá sé de cheangal ar an Roinn mar Bhallstát agus EMRA mar Údarás Bainistíochta na cineálacha oibríochtaí a d'fhéadfadh tacaíocht a fháil ó Chiste um Aistriú Cóir an AE don réigiún ar a n-imreofar tionchar diúltach a shainaithint.

Ba cheart go rannchuideodh gníomhaíochtaí go díreach chun tionchar an aistrithe a mhaolú trí na hiarmhairtí diúltacha ar fhostaíocht a mhaolú agus trí éagsúlú agus nuachóiriú an gheilleagair áitiúil a mhaoiniú. Ní mór na gníomhaíochtaí go léir a fhaigheann tacaíocht ó

Chiste um Aistriú Cóir an AE a bheith nasctha lena chuspóir sonrach agus rannchuidiú chun an Plean Críochach um Aistriú Cóir a chur chun feidhme. Ba cheart, dá bhrí sin, go ndíreodh infheistíochtaí CUAC go príomha ar gheilleagair áitiúla a éagsúlú agus ar athoiliúint nó breisoiliúint a chur ar oibrithe agus ar chuardaitheoirí poist. Féadfar tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí eile a chumhdaítear faoi raon feidhme téamach Rialachán CUAC freisin má tá bonn cirt lena rannchuidiú chun tionchar an aistrithe a mhaolú sa Phlean Chríochach um Aistriú Cóir. Ní mór na hoibríochtaí go léir dul chun tairbhe don Phlean Chríochach um Aistriú Cóir.

D'fhonn gur féidir le críocha a n-imreoidh an t-aistriú tionchar orthu éagsúlú eacnamaíoch níos fearr a bhaint amach, féadfaidh CUAC tacaíocht a sholáthar d'fhiontair agus do pháirtithe leasmhara eacnamaíocha amhail tacaíocht d'infheistíocht tháirgiúil i FBManna (lena n-áirítear micrifhiontair agus gnólachtaí nuathionscanta). Féadfaidh sé infheistíocht a dhéanamh freisin chun gnólachtaí nua a chruthú, lena n-áirítear trí ghorlanna gnó agus seirbhísí comhairliúcháin. Ba cheart tábhacht a thabhairt d'earnálacha a bhfuil cumas láidir cruthaithe fostaíochta acu chun iarmhairtí diúltacha ar fhostaíocht a mhaolú, go háirithe in earnálacha a bhfuil cumas fáis acu.

Chun na hiarmhairtí diúltacha ar fhostaíocht a mhaolú, is féidir le CUAC tacaíocht a sholáthar chun oibrithe agus cuardaitheoirí poist a uas-sciliú agus a athsciliú (lena n-áirítear oiliúint) in earnálacha a bhfuil cumas féideartha fostaíochta áitiúil acu (bíodh sé ann cheana féin nó le cruthú). Is féidir leis freisin tacaíocht a chur ar fáil i leith cúnamh i gcuardach poist (treoir agus comhairleoireacht, measúnú, agus bailíochtú foghlama roimhe sin) do chuardaitheoirí poist agus tacú leo chun go gcuimseofar go gníomhach i margadh an tsaothair iad.

Is féidir leis an gcúnamh do chuardaitheoirí poist dul chun tairbhe d'oibrithe a chaill a bpost in earnálacha i gcríoch an Phlean Chríche um Aistriú Cóir fiú mura bhfuil cónaí orthu sa chríoch sin. Ní féidir le CUAC scéimeanna luathscoir ná scéimeanna cúitimh a mhaoiniú d'oibrithe a scaoileadh chun bealaigh.

Baineann éagsúlú eacnamaíoch agus uas-sciliú nó athsciliú leis na cuspóirí agus leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil trí straitéisí um speisialtóireacht chliste agus mar sin ní mór comhsheasmhacht a bheith ann leis an Straitéis náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste. Ba cheart tacaíocht do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha nua a dhíriú, i gcás inarb ábhartha, ar na réimsí arna sainaithint sna straitéisí sin mar réimsí a bhfuil gealladh fúthu - ba cheart go

dtacódh CUAC le conair forbartha i gcomhréir le hacmhainneacht agus le hinniúlachtaí inginiúla na gcríoch.

Ní féidir le tacaíocht CUAC d'éagsúlú eacnamaíoch díriú ach amháin ar ghníomhaíochtaí atá i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus mar sin ní féidir leis tacú le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanfadh dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil (lena n-áirítear maolú ar an athrú aeráide), amhail bithmhais neamh-inbhuanaithe. Dá bhrí sin, agus tacaíocht CUAC do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha eile á meas, ba cheart gníomhaíochtaí a mheasúnú go cúramach chun a chinneadh an n-urramaíonn siad an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus go seachnaítear gaibhniú ar bhealaí nach bhfuil ag luí le neodracht aeráide.

Cé gur cheart go dtacódh CUAC go príomha le héagsúlú eacnamaíoch agus le bearta chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí diúltacha fostaíochta, tá gníomhaíochtaí eile incháilithe freisin. Áirítear orthu sin taighde agus nuálaíocht, infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite, soghluaisteacht chliste agus inbhuanaithe áitiúil, digitiú, athghiniúint ithreach, geilleagar ciorclach agus bonneagar sóisialta chun críocha saoráidí cúraim leanaí agus daoine scothaosta agus in ionaid oiliúna, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta áitiúla.

Ní fhéadfar na gníomhaíochtaí sin a cháiliú ach amháin má tá siad nasctha go díreach le sainchuspóir CUAC agus má rannchuidíonn siad chun an Plean Críochach um Aistriú Cóir a chur chun feidhme. Ní mór réasúnú a thabhairt le haon infheistíochtaí sna réimsí seo bunaithe ar a rannchuidiú chun tionchair an aistrithe a mhaolú agus ar an nasc atá acu leis na dúshláin aistrithe arna sainaithint sa Phlean Críochach um Aistriú Cóir. I gcás infheistíochtaí nach gcabhraíonn chun na hiarmhairtí a bhaineann leis an aistriú a mhaolú nó nach bhfuil nasctha leis na dúshláin a bhaineann leis an aistriú arna sainaithint sa Phlean Críochach um Aistriú Cóir, níor cheart iad a mhaoiniú ó CUAC an AE.
Féadfar a áireamh sa Phlean Críochach um Aistriú Cóir freisin liosta táscach d'oibríochtaí agus d'fhiontair seachas FBManna a dtabharfar tacaíocht dóibh agus, i gcás gach ceann acu, réasúnú a thabhairt leis an ngá maidir le tacaíocht den sórt sin trí anailís ar bhearnaí ina léirítear go rachadh na caillteanais post a d'fhéadadh a bheith ann thar líon na bpost a chruthófaí in éagmais na hinfheistíochta sin.

Ina theannta sin, is féidir go molfar sa Phlean Críochach um Aistriú Cóir liosta d'oibríochtaí a dtacófar leo chun infheistíochtaí a chur ar fáil ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar

astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir 2003/87/CE (Treoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí) agus réasúnú go gcuirfeadh siad leis an aistriú i dtreo geilleagar atá aeráidneodrach agus go mbeadh laghdú suntasach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a rachadh i bhfad faoi na tagarmharcanna ábhartha a bhunaítear don saor-leithdháileadh faoi Threoir 2003/87/CE mar thoradh orthu agus ar choinníoll go bhfuil gá leo chun líon suntasach post a chosaint.

Gníomhaíochtaí Molta ó Anailís ar an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach

Sa Chlár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach lena gcuirtear tacaíocht ar fáil chun Plean Críochach um Aistriú Cóir na hÉireann a ullmhú shainaithin comhairligh roinnt idirghabhálacha sainiúla féideartha arna mbunú ar loighic idirghabhála um aistriú cóir agus atá i gcomhréir le forálacha CUAC an AE maidir le maolú ar na tionchair shóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil ar an gcríoch is mó ar a n-imreofar tionchar.

Ba chóir tabhairt faoi deara nach ionann na hidirghabhálacha molta seo go fóill agus moltaí cuimsitheacha atá lena gcur chun feidhme ag Ranna nó gníomhaireachtaí ábhartha. Sa bhreithniú a dhéanfaidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Comhshaoil, i gcomhar le Ranna Rialtais ábhartha eile, cuirfear san áireamh freisin aiseolas ón gcomhairliúchán ar an Dréacht-Phlean Críochach um Aistriú Cóir.

Ní mór na hidirghabhálacha a roghnófar don Phlean Críochach um Aistriú Cóir deiridh a bheith ag teacht freisin le tosaíochtaí beartais agus infheistíochta náisiúnta agus réigiúnacha agus a bheith comhsheasmhach le hinfheistíocht atá beartaithe faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus cistí ábhartha an AE.

Tá na hidirghabhálacha molta grúpáilte sna ceithre riachtanas forbartha molta arna sainaithint i rannán 2.2

Riachtanas Forbartha 1: An Timpeallacht Ghnó a Nuachóiriú agus Deiseanna Fostaíochta a Chruthú

Gníomh 1: Cnuasach Fuinnimh Ghlais Lár na Tíre: Foireann Speisialaithe agus Plean Forbartha

Cnuasach fuinnimh ghlais lonnaithe i Lár na Tíre, ag tacú le forbairt teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite agus inbhuanaithe. Is éard a bheadh i gceist leis ná plean forbartha a chruthú a chuimseodh foireann speisialaithe chun an togra a fhorbairt, cnuasachmapáil a dhéanamh agus fís a chomhordú le tabhairt ar aghaidh go dtí an chéim chur chun feidhme.

Gníomh 2: Cnuasach Fuinnimh Ghlais Lár na Tíre: Tacaíochtaí agus Comhairle Ghnó

Tacú leis an acmhainn scileanna chun an cnuasach fuinnimh ghlais agus Clár Iarfheistithe Lár na Tíre a fhorbairt trí thacaíochtaí agus comhairle ghnó a chur ar fáil d'oibrithe tógála agus gnólachtaí maidir leis an gcaoi ar féidir siopaí ilfhreastail a bhunú agus a fhás le haghaidh tionscadail iarfheistithe.

Gníomh 4: Fiontraíocht agus Traenáil Fiontair Shóisialta & Tacaíocht do Sheirbhísí Ísealcharbóin

Foireann agus oiliúint a mhaoiniú chun gorlanna gnó a chruthú a dhíreoidh ar thacaíocht a sholáthar d'fhiontair chun bunú sa gheilleagar glas. D'fhéadfaí comhairleoirí teicniúla a áireamh chun measúnú agus meantóireacht a dhéanamh ar thionscadail ísealcharbóin éiritheacha agus chun comhairle a thabhairt do ghnólachtaí maidir leis an gcaoi ar féidir aistriú chuig cleachtais níos inbhuanaithe agus oibriú i gcomhar leis an gcnuasach fuinnimh ghlais. Meantóireacht a sholáthar laistigh de phobail.

Gníomh 12: Clár Iarfheistithe Lár na Tíre a leathnú chuig Tithíocht Phríobháideach agus Iarfheistiú Foirgneamh Poiblí

I gcomhréir le tosaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh, tithíocht phríobháideach a iarfheistiú le bheith mar chuid de scéim leathnaithe Iarfheistithe Lár na Tíre atá dírithe ar thithíocht shóisialta. Le cur san áireamh freisin éifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh uile an réigiúin a fheabhsú go leibhéal atá inmharthana ó thaobh tráchtála de.

Gníomh 13: Tacú le Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste

Sainaithníodh roinnt straitéisí um speisialtóireacht chliste mar réimsí a bhféadfaí tacaíocht bhreise a thabhairt dóibh chun táirgiúlacht an réigiúin a fheabhsú, mar shampla: cnuasach Bia agus Deochanna, Róbataic, Teileachumarsáid agus Ardmhonarú Inbhuanaithe.

Riachtanas Forbartha 2: An Phróifíl Scileanna a Fheabhsú

Gníomh 3: Cnuasach Fuinnimh Ghlais Lár na Tíre: Ionaid Sármhaitheasa Oiliúna

Leis an ngníomh seo dhéanfaí áiseanna oiliúna a fhorbairt agus a fheabhsú chun cur ar chumas an réigiúin feidhmiú mar ionad sármhaitheasa oiliúna iarfheistithe, agus chuirfí tacaíocht ar fáil freisin chun Cnuasach Fuinnimh Ghlais Lár na Tíre, an Clár Iarfheistithe Lár Tíre agus Clár Gníomhaíochta Scileanna Glasa an Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a fhorbairt.

Gníomh 5: Scéim Fostaíochta Fheabhsaithe Green Ambassador

Scéim fostaíochta fheabhsaithe (dá dtugtar maoiniú) a fhorbairt d'fhostaithe ar a n-imreofar tionchar i Róil "Green Ambasadóir". D'fhéadfaí na róil seo a nascadh leis an gcnuasach fuinnimh ghlais, leis an ngeilleagar ciorclach agus le cuspóirí bainistithe dramhaíola inbhuanaithe. D'fhéadfaí oiliúint bhreise

a thairiscint chun scileanna a sholáthar i réimsí amhail iniúchtaí bonnlíne fuinnimh agus iarfheistiú foirgneamh poiblí.

Gníomh 6: Pearsanra Gairmthreorach do Mhic Léinn Dara Leibhéal

Pearsanra gairmthreorach réigiúnach a mhaoiniú chun faisnéis a chomhordú agus a sholáthar do sheirbhísí gairmthreorach atá ann cheana féin ionas go ndéanfar mic léinn dara leibhéal a chomhoiriúnú ar bhealach níos éifeachtúla le deiseanna breisoideachais agus ardoideachais agus fostaíochta sa réigiún.

Riachtanas Forbartha 3: Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus Oidhreacht Thionsclaíoch a Chur Chun Cinn

Gníomh 11: Acmhainneacht Turasóireachta Lár na Tíre a Fhorbairt

Tacú le tionscnaimh turasóireachta i naisc Lár na Tíre chun tógáil ar thionscadail turasóireachta náisiúnta CUAC agus Hidden Heartlands Fáilte Éireann. Tá méadú ag teacht ar an turasóireacht i Lár na Tíre de bharr bhranda nua na hÉireann Hidden Heartlands agus mar gheall ar an spéis nua a léirigh an margadh baile sa réigiún le linn 2020 agus 2021.

Gníomh 10: Athchóiriú ar Thailte Móna a Leathnú

An scéim reatha athshlánaithe tailte móna - an Scéim um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú Feabhsaithe (EDRRS) reatha a leathnú - ó 33,000 heicteár chun heicteáir bhreise atá ainmnithe le haghaidh athshlánúcháin a chumhdach nó clár breise/ar leith a fhorbairt do láithreáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS).

Gníomh 15: Tacaíocht do Thionscadal LIFE an AE/Oiliúint Talmhaíochta

Faoin tionscadal Tailte Móna agus Daoine áirítear Luasaire um Aistriú Cóir, Ionad Sármhaitheasa Eolais um Thailte Móna agus People's Discovery Attraction. Forbairt scileanna i gcleachtais talmhaíochta trí oibrithe a bhíodh ag obair le móin a uas-sciliú chun cabhrú le deiseanna fostaíochta áitiúla a chruthú. Seirbhísí tacaíochta, beochana agus oiliúna chun feirmeoirí a uas-sciliú le haghaidh deiseanna i ngníomhaíochtaí inbhuanaithe talmhaíochta.

Riachtanas Forbartha 4: Cumas an réigiúin a fheabhsú mar áit chónaithe agus oibre

Gníomh 7: Cleachtadh Scóipe a dhéanamh le haghaidh Suíomhanna Forbartha - FDI, Áiseanna Gnó agus Pobail Cleachtadh scóipe a dhéanamh chun láithreáin oiriúnacha a shainaithint le haghaidh infheistíochta spás oibre lena n-áirítear ionaid oibre atá oiriúnach do ghnólachtaí GFT agus OFÁ, moil chianoibre agus áiseanna pobail. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo foirgnimh nach n-úsáidtear a bhféadfaí a gcuspóir a athrú le haghaidh athghiniúna bailte móra.
Gníomh 8: Cuspóir Suíomhanna Atá Ann Cheana a Athrú - FDI, Áiseanna Gnó agus Pobail De bhreis ar Ghníomh 7 thuas, chuirfí ciste tiomnaithe ar fáil chun cuspóir na suíomhanna atá ann cheana a athrú lena n-áireofaí teicneolaíocht agus áiseanna athoiriúnaithe. D'fhéadfadh spás oifige folamh, monarchana, ionaid déantúsaíochta nó spásanna eile a bheith san áireamh leis seo.
Gníomh 9: Ciste Tacaíochta Pobail le haghaidh Micrifhiontar, Soghluaisteacht Ghníomhach & Geilleagar Ciorclach Ciste tacaíochta pobail le cur ar chumas Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla tacú le fostaíocht agus forbairt eacnamaíoch trí mhicrifhiontair, soghluaisteacht ghníomhach agus an geilleagar ciorclach. Dírithe ar thacú le fiontair bheaga. D'fhéadfadh ról tairbheach a bheith aige i dtéarmaí deiseanna fostaíochta díreacha a chruthú d'oibrithe easáitithe.
Gníomh 14: Soghluaisteacht Áitiúil Fheabhsaithe Naisc iompair réigiúnacha fheabhsaithe a chur i bhfeidhm agus naisc bhus a fheabhsú idir bailte, moil/oifigí cianoibre agus institiúidí oideachais chun bonneagar iompair phoiblí níos fearr a áirithiú d'fhostaithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus aghaidh a thabhairt ar iargúltacht na tuaithe. D'fhéadfadh pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a bheith san áireamh.

2.5 Sineirgí agus comhlántachtaí na n-oibríochtaí atá beartaithe le cláir ábhartha eile an Aontais faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis (a thacaíonn le próiseas an aistrithe), le hionstraimí maoiniúcháin eile (an Ciste um Nuachóiriú ar Thrádáil Astaíochtaí an Aontais) chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shainaitheanta infheistíochta

D’fhonn a áirithiú mbainfidh Éire an leas is fearr is féidir as an maoiniú a fhaigheann sí ón AE, is gá aird ar leith a thabhairt ar shineirgí agus comhlántachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann idir cistí a scrúdú, chomh maith le forluí idir idirghabhálacha agus dúbláil ar mhaoiniú a d’fhéadfadh a bheith ann.

Ar leibhéal straitéiseach, tá sineirgí féideartha soiléire ann idir tacaíochtaí um aistriú cóir agus tosaíochtaí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+). Faoi mar a chuirtear i láthair faoi láthair iad, díreoidh an dá chlár CFRE ar TO1 “Eoraip Níos Cliste” maidir le speisialtóireacht chliste a chur chun feidhme, tacaíocht do ghnóthais, agus comhar idir comhlachtaí taighde agus tionscal a d’fhéadfadh cuíchóiriú leis an gcríoch CUAC.

Tacóidh CFRE freisin le gníomhaíochtaí faoin tosaíocht “Eoraip níos Glaise” atá ag teacht le haidhm fhoriomlán CUAC agus le riachtanais forbartha. Díreoidh CSE+ ar fhostaíocht, ar scileanna agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, ar ghníomhaíochtaí atá ag teacht ar an iomlán le cuspóir CUAC chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta an aistrithe.

Cruthaíonn an Ciste Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) deiseanna le haghaidh sineirgí le CUAC an AE.

Mar atá leagtha amach i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta Náisiúnta na hÉireann (NRRP), is í an chéad tosaíocht an t-aistriú glas a chur chun cinn lena n-áirítear, inter alia, athshlánú feabhsaithe na dtailte móna agus luasghéarú foriomlán ar dhícharbónú na hearnála fiontraíochta. Baineann tríú tosaíocht NRRP le téarnamh sóisialta agus eacnamaíoch agus cruthú post, cuspóirí atá i gcomhréir le haidhm CUAC. D’fhéadfadh cláir théamacha eile chistiúcháin AE chomhlántachtaí sh uimiúla a thairiscint le gníomhaíochtaí arna dtacú ag CUAC an AE, lena n-áirítear Fís Eorpach, clár Life+ agus Erasmus+.

Nuair a bheidh siad tugtha chun críche, déanfar na hoibríochtaí go léir a bheartaítear a athbhreithniú chun a áirithiú go léireoidh siad sineirgí agus comhlántachtaí le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis (a thacaíonn le próiseas an aistrithe) agus ionstraimí airgeadais eile chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais forbartha arna sainaithint. Scrúdóidh údaráis bhainistíochta na gCistí faoi seach bealaí inar féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar shineirgí agus comhlántachtaí idir cláir chistiúcháin an AE le linn shaolré na gclár.

2.6 Sineirgí agus comhlántachtaí le tacaíocht atá beartaithe ó cholúin eile an tSásra um Aistriú Cóir

Féadfar infheistíochtaí faoin gCiste um Aistriú Cóir a chomhlánú le deontais agus iasachtaí d'eintitis san earnáil phríobháideach araon faoi fhuinneog thiomnaithe de chuid ionstraim InvestEU an AE (Colún 2) nó trí Shaoráid shonrach Iasachta don Earnáil Phoiblí arna bainistiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta (Colún 3).). D'fhéadfadh infheistíochtaí atá beartaithe i dtionscadail mhóra, mar shampla, maidir le hiompar, éifeachtúlacht fuinnimh, nó iarfheistiú, a bheith níos oiriúnaí chun tacaíocht a lorg ó na colúin sin, go háirithe má tá siad urraithe ag eintitis mhóra san earnáil phríobháideach nó ag comhlachtaí poiblí.

Faoi Cholún 2, soláthróidh Scéim um Aistriú Cóir InvestEU ráthaíocht bhuiséadach faoin gclár InvestEU agus feidhmeoidh mol comhairleach InvestEU mar phointe lárnach iontrála le haghaidh seirbhísí comhairleacha. Soláthróidh sé thart ar €1.8 billiún ó bhuiséad an AE don Chlár InvestEU agus táthar ag súil go ndéanfar €45 billiún a shlógadh in infheistíochtaí san earnáil phríobháideach den chuid is mó ar fud an AE. D'fhéadfadh, mar shampla, tionscadail le haghaidh dícharbónú, éagsúlú eacnamaíoch na réigiún, fuinneamh, iompar agus bonneagar sóisialta a bheith ar áireamh leis seo. Féadfaidh Scéim um Aistriú Cóir InvestEU infheistíochtaí a chumasú i raon níos leithne de thionscadail ná an Ciste um Aistriú Cóir.

Faoi Cholún 3, déanfaidh Saoráid Iasachta nua don Earnáil Phoiblí (PSLF) (Rialachán 2021/1229) €1.5 billiún de dheontais arna maoiniú ó bhuiséad an AE a chomhcheangal le €10 mbilliún d'iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta. Tá sé mar aidhm ag an PSLF maoiniú fóirdheonaithe a sholáthar do thionscadail na hearnála poiblí chun tairbhe do na réigiúin lena mbaineann, ag díriú ar thionscadail nach ngineann ioncam agus nach bhfaigheadh maoiniú ar aon slí eile. Mar shampla, infheistíochtaí i mbonneagar fuinnimh agus iompair, líonraí téimh ceantair, athchóiriú nó insliú foirgneamh, bonneagar comhshaoil do bhainistiú cliste dramhaíola agus uisce, aistriú chuig geilleagar ciorclach, athchóiriú talún agus éiceachórais, uasghrádú scileanna dí-éillithe, athsciliú, oiliúint agus bonneagar sóisialta lena n-áirítear áiseanna cúraim agus tithíocht shóisialta.

Féadfar infheistíochtaí faoin gCiste um Aistriú Cóir a chomhlánú le deontais agus iasachtaí d'eintitis san earnáil phríobháideach araon faoi fhuinneog thiomnaithe de chuid ionstraim InvestEU an AE (Colún 2) nó trí Shaoráid shonrach Iasachta don Earnáil Phoiblí arna bainistiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta (Colún 3).). Nuair a bheidh siad tugtha chun críche, déanfar athbhreithniú ar na hoibríochtaí go léir atá beartaithe chun a áirithiú go léiríonn siad sineirgí agus comhlántachtaí le tacaíocht atá beartaithe ó cholúin eile an tSásra

um Aistriú Cóir agus ó earnálacha agus ó réimsí téamacha a mbeartaítear tacaíocht a thabhairt dóibh faoi na colúin eile.

3. Sásraí rialachais

3.1. Comhpháirtíocht

I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna (CPR) maidir le prionsabal na comhpháirtíochta, bainfidh forbairt, cur chun feidhme agus faireachán an Phlean leas as rannpháirteachas na bpríomhpháirtithe leasmhara trína léireofar rialachas il-leibhéil. Tógfaidh an plean agus an clár críochach ar na príomhchaidrimh atá ann cheana féin a forbraíodh thar na blianta maidir leis an bpróiseas um Aistriú Cóir sa chríoch ar a n-imreofar tionchar, go háirithe, an obair a rinne an Coimisinéir um Aistriú Cóir agus an Fhoireann Réigiúnach um Aistriú Cóir Lár Tíre. Críochnófar an chuid seo den phlean chríochach tar éis an phróisis chomhairliúcháin agus ar thabhairt chun críche an phlean.

D'fhonn treoir a tabhairt chun tacaíochtaí Chiste um Aistriú Cóir an AE a ullmhú, chuathas i gcomhairle le raon leathan de pháirtithe leasmhara maidir leis na cineálacha gníomhaíochtaí ar cheart tacaíocht a thabhairt dóibh. Údaráis áitiúla, gnólachtaí ar a n-imreofar tionchar, príomhghníomhaithe sóisialta agus réigiúnacha, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí taighde a bheidh i gceist. Chuathas i gcomhairle le Ranna Rialtais ábhartha freisin maidir le cineálacha oibríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a áirithiú ag an leibhéal náisiúnta.

Mar údarás bainistíochta tógfaidh Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre ar a chaidreamh láidir le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara réigiúnacha eile ar mhaithe lena rannpháirteachas a éascú asgus an Plean á fhorbairt. Nuair a bheidh sé i gceist an Plean a chur chun feidhme, breithneoidh an t-údarás bainistíochta an breisluach a bhaineann le Comhlachtaí Idirmheánacha a cheapadh i gcomhréir leis an CPR maidir leis an gcóras bainistíochta agus rialaithe.

3.2. Faireachán agus meastóireacht

Beidh an coiste faireacháin clár ina phríomhuirlis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean. I gcomhréir le hAirteagal 39 den CPR, ba cheart go mbeadh páirtithe ábhartha ar áireamh i gcomhdhéanamh an choiste faireacháin chun ionadaíocht thar na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a áirithiú.

Ina theannta sin, de réir an rialacháin, déanfaidh an t-údarás bainistíochta, i gcomhar leis an mBallstát, bearta meastóireachta ar an gclár, agus díreofar ar phríomhghnéithe lena n-áirítear éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE. Déanfar plean meastóireachta a dhréachtú tar éis an plean agus an clár a bheith glactha agus cuirfear faoi bhráid an choiste faireacháin é lena fhormheas.

Ní mór faireachán ar an gclár agus ar chur chun feidhme an phlean, de réir an CPR, a bheith bunaithe ar an gcreat feidhmíochta arna cheapadh dó. Roghnófar táscairí aschuir agus toraidh i gcomhréir le tosaíochtaí an Chiste, lena n-áirítear socrú spriocanna agus garspriocanna le haghaidh táscairí aschuir. Cuirfear gníomhaíochtaí faireacháin sonracha i bhfeidhm. Áiritheoidh an Ballstát agus an t-údarás bainistíochta go ndéanfar dul chun cinn ar chur chun feidhme an phlean a thuairisciú i dteannta leis an meastóireacht ar an gclár, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi Cholúin 2 agus 3 den Sásra um Aistriú Cóir más ábhartha.

De réir CPR, ní mór meastóireacht mheántéarmach ar an gclár a ullmhú in 2025 ina leagfar amach an dul chun cinn atá déanta maidir le garspriocanna a bhaint amach le haghaidh táscairí aschuir arna seachadadh tríd an bplean.

3.3. Comhlacht/comhlachtaí comhordaithe agus faireacháin

Is í an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) an t-údarás Ballstáit agus is uirthi a bheidh freagracht fhoriomlán as an bplean a chur chun feidhme.

Is é Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre an t-údarás bainistíochta le haghaidh CUAC an AE. De réir Rialachán na bhForálacha Coiteanna, beidh EMRA mar údarás bainistíochta freagrach as bainistiú foriomlán an Chiste lena n-áireofar feidhmeanna amhail roghnú oibríochtaí, faireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht, cumarsáid a dhéanamh faoin gclár agus a thorthaí, faireachán ar chur chun feidhme an Phlean i gcomhar leis an gcoiste faireacháin. Ag an leibhéal náisiúnta, bunaítear Coiste Faireacháin um Chomhaontú Comhpháirtíochta ar a bhfuil gach comhlacht cláir agus raon leathan de pháirtithe leasmhara chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gCistí go léir atá cumhdaithe ag CPR in Éirinn.